Ceisteanna

1. Cad is ainm don bhialann seo?

_____

2. Cén sórt anraith atá ar fáil inniu?

_____

3. Cad atá ar fáil leis an stéig don phríomhchúrsa?

_____

4. Cad atá sa 'Bhorgaire Bia Blasta'?

_____

5. Ba mhaith liom sicín inniu, cad atá ar fáil dom don phríomhchúrsa?

_____

_____

6. Céard í an mhilseog is saoire ar an mbiachlár?

_____

7. Cén praghas atá ar arán gairleoige agus curaí sicín?

_____

8. Cén praghas atá ar anraith agus stéig?

_____

9. Is feoilséantóir mé, cad a íosfaidh mé sa bhialann seo?

_____

_____

10. Cé mhéad sa bhreis atá ar shicín le sailéad nó curaí?

_____



Freagraí

1. Cad is ainm don bhialann seo?
   Bia Blasta is ainm don bhialann seo.
2. Cén sórt anraith atá ar fáil inniu?
   Tá anraith glasraí ar fáil inniu.
3. Cad atá ar fáil leis an stéig don phríomhchúrsa?
   Tá glasraí agus anlann piobair ar fáil leis an stéig.
4. Cad atá sa 'Bhorgaire Bia Blasta'?
   Borgaire mairteola le cáis, bagún agus sailéád.
5. Ba mhaith liom sicín inniu, cad atá ar fáil dom don phríomhchúrsa?
   Tá pióg shicín agus muisiriún le sailéad, sciatháin sicín le hanlann fulachta agus curaí le glasraí agus sicín ar fáil duit.
6. Céard í an mhilseog is saoire ar an mbiachlár?
   Uachtar reoite agus glóthach
7. Cén praghas atá ar arán gairleoige agus curaí sicín?
   €4.50 + €11.00 = €15.50
8. Cén praghas atá ar anraith agus stéig?
   €4.00 + €25.00 = €29.00
9. Is feoilséantóir mé, cad a íosfaidh mé sa bhialann seo?
   Is féidir leat anraith glasraí, mealbhacán, Sailéad Caesar, arán gairleoige agus curaí glasra a ithe.
10. Cé mhéad sa bhreis atá ar shicín le sailéad nó curaí?
    Tá sé €2.00 breise.